Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 3 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6007/25**
**ADD 1**

**LIMITE**

**CORLX 151**
**CFSP/PESC 225**
**CONOP 8**
**CONUN 25**
**COARM 33**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE chun tacú le clár idirsheisiúnach an Choinbhinsiúin maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, lena chlár idirsheisiúnach agus leis na hullmhúcháin don Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin<br>- Iarscríbhinn |

## IARSCRÍBHINN

**Doiciméad Tionscadail a bhaineann le Cinneadh ón gComhairle**

**chun tacú le clár idirsheisiúnach an Choinbhinsiúin maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine, lena chlár idirsheisiúnach agus leis na hullmhúcháin don Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin**

PUBLIC

## 1. CÚLRA AGUS RÉASÚNAÍOCHT

Is gné lárnach é an Coinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC) de na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an bpobal idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar leathadh arm ollscriosta.

Tá uair na ciniúna buailte anois le BTWC, mar a léirítear sa chlár uaillmhianach idirsheisiúnach ar chomhaontaigh Stáit is Páirtithe BTWC air ag an Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin a tionóladh in 2022 agus teacht chun cinn ábhar, mar shampla fíorú, arís ar an gclár oibre. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach tacú leis an gclár idirsheisiúnach, lena n-áirítear ullmhú an Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin, ina bhféadfaí cinntí a dhéanamh chun BTWC a neartú.

Leanann Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme (ISU) BTWC d'iarrataí ar chúnamh a fháil ó Stáit is Páirtithe le haghaidh oiliúint thiomnaithe do Phointí Teagmhála Náisiúnta (NCPanna) BTWC a sháraíonn na hacmhainneachtaí agus na cistí atá ar fáil ón Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme sin.

Ar na cúiseanna sin agus chun gnéithe éagsúla de Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta a chur i bhfeidhm láithreach agus ar bhonn praiticiúil, fónfaidh an tionscadal seo ina uirlis oibríochtúil mar thaca leis an gclár idirsheisiúnach reatha, leis na hullmhúcháin don Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin agus le hoiliúint agus fóraim thiomnaithe le haghaidh malartú do Phointí Teagmhála Náisiúnta (NCPanna) BTWC.

## 2. CUSPÓIRÍ

Beidh dhá phríomhchuspóir ag an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe.

Is é an chéad phríomhchuspóir a bheidh ag an gCinneadh ón gComhairle tacú le clár idirsheisiúnach BTWC trí éascú a dhéanamh ar an bplé a bheidh ar siúl laistigh den Mheitheal um Neartú BTWC, a cruthaíodh leis an Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin in 2022 (féach BTWC/CONF.IX/9), chomh maith leis na hullmhúcháin don Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin in 2027.

Tugadh sainordú don Mheitheal aghaidh a thabhairt ar na seacht n-ábhar seo a leanas:

a) Bearta maidir le comhar idirnáisiúnta agus cúnamh faoi Airteagal X;

b) Bearta maidir le forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha atá ábhartha don Choinbhinsiún;

c) Bearta maidir le forbairt muiníne agus trédhearcacht;

d) Bearta maidir le comhlíonadh agus fíorú;

e) Bearta maidir le cur chun feidhme náisiúnta an Choinbhinsiúin;

f) Bearta maidir le cúnamh, freagairt agus ullmhacht faoi Airteagal VII;

g) Bearta maidir le socruithe eagraíochtúla, institiúideacha agus airgeadais.

Chinn an Chomhdháil freisin forbairt a dhéanamh d'fhonn sásra a bhunú chun cur chun feidhme iomlán an chomhair agus an chúnaimh idirnáisiúnta (ICA) faoi Airteagal X a éascú agus chun tacú leis, mar aon le sásra chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar na forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha (E&T) is ábhartha don Choinbhinsiún agus chun comhairle iomchuí a thabhairt do na Stáit is Páirtithe. Chun na sásraí sin a bhunú, déanfaidh an Mheitheal um neartú an Choinbhinsiúin moltaí iomchuí.

Leis an tacar gníomhaíochtaí a mholtar thíos, éascófar an plé ar bhealach solúbtha laistigh den Mheitheal maidir leis na hábhair shainordaithe thuasluaite agus maidir le sásraí ICA agus E&T a bhunú.

Is é an dara príomhchuspóir a bheidh ag an gCinneadh ón gComhairle cur chun feidhme neartaithe an Choinbhinsiúin trí chur leis an méid a baineadh amach le Cinneadh (CBES) 2021/2072. Áirítear orthu sin líon méadaithe ainmniúchán de Phointí Teagmhála Náisiúnta (NCPanna) BTWC agus líon níos airde tuarascálacha maidir le Bearta Forbartha Muiníne (CBM) a cuireadh isteach. Ag cur leis an móiminteam sin, cuirfear cúrsaí oiliúna tiomnaithe ar fáil go bliantúil do Phointí Teagmhála Náisiúnta (NCPanna) nuacheaptha BTWC agus eagrófar imeacht domhanda NCP chun malartú agus líonrú i measc NCPanna a éascú.

Leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe, comhlánófar na gníomhaíochtaí atá ar siúl faoi láthair faoi Chinneadh (CBES) 2024/349 chun tacú le BTWC, atá á chur chun feidhme ag Brainse na Ginéive d'Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA), i ndlúthchomhar le hAonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC. Is iad príomhshruthanna oibre de Chinneadh (CBE) 2024/349 uiliú BTWC i réigiún an Aigéin Chiúin a bhaint amach, cláir chúnaimh chun cur chun feidhme BTWC ar an leibhéal náisiúnta a neartú, líonraí bithshlándála a chruthú i measc eolaithe óga ón Domhan Theas, tacaíocht don chlár idirsheisiúnach trí rannchuidiú leis an gClár Urraíochta BTWC chomh maith le hábhar for-rochtana agus oideachais a fhorbairt. Dá bhrí sin, is sruthanna oibre comhlántacha iad an tacaíocht atá beartaithe do chlár idirsheisiúnach reatha BTWC agus d'ullmhúcháin an Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin chomh maith le gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a dhéanamh do NCPanna.

De réir mar is infheidhme, leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe, cuirfear leis an méid a baineadh amach le Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha agus le Cinntí ón gComhairle roimhe seo chun tacú le BTWC, gan aon ghníomhaíochtaí leanúnacha arna ndéanamh faoi Chinneadh (CBES) 2024/349 a dhúbláil, mar a leagtar amach thuas. Le linn chéim chur chun feidhme an Chinnidh ón gComhairle atá beartaithe, bainfear an leas is fearr as sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le Cinneadh (CBES) 2024/349.

Beidh an Cinneadh seo ón gComhairle bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) Agus an leas is fearr is féidir á bhaint as an taithí a fuarthas as Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha 2006/184/CBES agus 2008/858/CBES agus as Cinntí 2012/421/CBES, (CBES) 2016/51, (CBES) 2019/97 agus (CBES) 2021/2072 ón gComhairle;

PUBLIC

(b) Díriú ar thorthaí an Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin, tacú leis an gclár idirsheisiúnach nua agus leis na hullmhúcháin don Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin;

(c) Tacú le Cathaoirligh chruinnithe BTWC agus an leas is fearr is féidir a bhaint as sainordú Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC;

(d) Úinéireacht áitiúil agus réigiúnach ar na tionscadail a spreagadh, chun a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú agus comhpháirtíocht a fhorbairt idir an tAontas Eorpach agus tríú páirtithe faoi chuimsiú BTWC;

(e) Rannchuidiú leis na cuspóirí a bhaineann leis an tsíocháin agus an tslándáil agus leis an tsláinte a chur chun cinn trí BTWC a bheith á chur chun feidhme go héifeachtach ag a Stáit is Páirtithe;

(f) I gcomhréir le beartais na Náisiún Aontaithe, ionadaíocht chothrom gheografach agus inscne a spreagadh i ngach gníomhaíocht tionscadail.

## 3. ASCHUIR AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCHASACHA

Tacóidh an tAontas leis na gníomhaíochtaí seo a leanas a chomhfhreagraíonn do bhearta atá i Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta:

### 3.1. Gníomhaíocht 1 – Tacaíocht do chlár idirsheisiúnach BTWC trí chomhairliúcháin a éascú agus trí dhearcthaí eolaíocha ar ábhair atá á bplé a chomhtháthú

#### 3.1.1. Cuspóir na Gníomhaíochta

Beidh sé d'aidhm ag an ngníomhaíocht sin tacú le rannpháirtíocht ghníomhach Stáit is Páirtithe agus breathnóirí BTWC sa chlár idirsheisiúnach ó 2025 go 2026, chomh maith le hiarrachtaí shealbhóirí oifige BTWC, Cairde an Chathaoirligh agus Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC.

I bhfianaise chruthú na Meithle um Neartú BTWC ag an Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin agus i bhfianaise líon teoranta na laethanta cruinnithe oifigiúla a thugtar don Mheitheal, is é is aidhm don ghníomhaíocht sin an plé ar na hábhair a thagann faoi shainordú na Meithle a éascú.

### 3.1.2. Cur síos ar an nGníomhaíocht

Chuige sin, cuirfear tacaíocht ar fáil do chomhairliúcháin a reáchtálfar i bhformáidí éagsúla – mar shampla, ceardlanna réigiúnacha nó cúlráidí do Stáit is Páirtithe BTWC – maidir le hábhair atá á bplé sa Mheitheal, mar shampla maidir le comhlíonadh agus fíorú. Le tacaíocht do na comhairliúcháin sin, éascófar obair na Meithle agus cuideofar le comhdhearcadh a fhorbairt maidir le hábhair shonracha atá á bplé ar bhealach solúbtha. Cinnfidh UNODA/Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC na gníomhaíochtaí a dtacófar leo i gcomhairle leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus le Toscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig na Náisiúin Aontaithe agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta eile sa Ghinéiv.

Ina theannta sin, d’fhéadfaí rannpháirtíocht saineolaithe tiomnaithe i gcruinnithe na Meithle a urrú, más gá chun go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach. Beifear ag súil go gcuirfidh na saineolaithe urraithe go mór leis an bplé laistigh den Mheitheal agus go ndéanfaidh siad an plé sin a shaibhriú.

Beidh sé d’aidhm ag an ngníomhaíocht sin freisin éascú a dhéanamh ar an bplé idirsheisiúnach maidir leis an athbhreithniú ar fhorbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha atá ábhartha don Choinbhinsiún, lena n-áirítear an plé maidir le sásra athbhreithnithe a bhunú, chomh maith le feabhas a chur ar chur chuige eolaíoch a áireamh i leith ábhair eile atá á bplé ag an Meitheal, ar nós, mar shampla, maidir le comhlíonadh agus fíorú. Chun é sin a dhéanamh agus chun cur leis an taithí a fuarthas faoi cholún na heolaíochta agus na teicneolaíochta de Chinneadh (CBES) 2021/2072, faoin ngníomhaíocht seo eagrófar sraith imeachtaí idirghníomhacha agus nuálacha ‘Eolaíocht do Thaidhleoirí’ sa Ghinéiv (nuair is féidir i gcomhar le cruinnithe oifigiúla BTWC, ach idir cruinnithe oifigiúla freisin). Tabharfaidh na himeachtaí ionadaithe ón bpobal eolaíochta, ón tionscal, ón saol acadúil, ón tsochaí shibhialta le chéile chomh maith le hionadaithe ó Stáit is Páirtithe agus breathnóirí.

PUBLIC

Leanfaidh foireann an tionscadail de bheith ag iniúchadh agus ag obair le hAonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC ar ábhair nua atá ailínithe le tosaíochtaí na Meithle chun leathnú eolais a chothú don tionscnamh 'Eolaíocht do Thaidhleoirí' trí pháipéir, táirgí agus ábhair oiliúna nua a fhorbairt. Ceapfar na hacmhainní sin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn, fiú iad siúd nach bhfuil sainaitheanta go hiomlán fós.

### 3.1.3. A bhFuiltear ag Súil Leis mar Thoradh ar an nGníomhaíocht

1. Leis na comhairliúcháin a reáchtáiltear i bhformáidí éagsúla – mar shampla ceardlanna réigiúnacha nó cúlráidí do Stáit is Páirtithe agus breathnóirí BTWC – maidir le hábhair atá á bplé sa Mheitheal, meastar go gcuirfear bonn eolais faoin bplé substainteach a dhéanfar faoi chuimsiú na Meithle agus le linn an Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin agus go gcuirfear leis an bplé sin.
2. Beifear ag súil go gcuirfidh na saineolaithe urraithe go mór leis an bplé laistigh den Mheitheal agus go ndéanfaidh siad an plé sin a shaibhriú lena saineolas.
3. Beidh sé d'aidhm ag an tsraith imeachtaí 'Eolaíocht do Thaidhleoirí' a chinntiú go mbeidh lucht ceaptha beartas ar an eolas faoin gcaoi ar féidir le dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch tairbhe a dhéanamh don Choinbhinsiún agus dúshlán a thabhairt dó chomh maith lena dtuiscint ar chineálacha cur chuige eolaíocha a nochtadh agus a mhéadú d'ábhair atá á bplé sa Mheitheal. Tabharfaidh an tsraith imeachtaí deis freisin don phobal agus don tionscal E&T cur leis na hiarrachtaí taidhleoireachta agus tacú leo chun BTWC a neartú. Dhéanfaí na himeachtaí a chomhordú go dlúth le Cathaoirleach na Meithle, le Cairde an Chathaoirligh agus le Toscaireacht an Aontais sa Ghinéiv agus thabharfaí deiseanna breise dóibh comhairliúcháin neamhfhoirmiúla a reáchtáil leis na Stáit is Páirtithe chomh maith le hionchur agus aiseolas a lorg ó réimse leathan gníomhaithe.

PUBLIC

### 3.2. Gníomhaíocht 2 – Fothú acmhainneachta do Phointí Teagmhála Náisiúnta BTWC agus tacú leis an bplé idirsheisiúnach maidir le cur chun feidhme náisiúnta agus bearta maidir le forbairt muiníne agus trédhearcacht

#### 3.2.1. Cuspóir na Gníomhaíochta

Is é is aidhm don ghníomhaíocht seo cur leis an méid a baineadh amach le Cinneadh (CBES) 2021/2072 faoinar forbraíodh cúrsa oiliúna tiomnaithe do Phointí Teagmhála Náisiúnta (NCPanna) BTWC agus uirlisí ríomhfhoghlama agus rinneadh sraith de shé chúrsa oiliúna réigiúnacha do NCPanna (do Stáit san Afraic, san Áise agus san Aigéan Ciúin, san Áise Láir, san Eoraip, i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib agus sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh).

Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar líon na n-ainmniúchán NCP le linn thréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2021/2072, leibhéil níos airde idirghníomhaíochta ag UNODA/Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC le NCPanna maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar an leibhéal náisiúnta chomh maith le malartuithe níos déine dea-chleachtas i measc NCPanna laistigh de réigiúin agus thar réigiúin. Rannchuidigh na codanna oiliúna den chúrsa oiliúna tiomnaithe maidir le forbairt na dtuarascálacha ar Bhearta Forbartha Muiníne (CBM) freisin le líon na dtuarascálacha CBM a cuireadh isteach a mhéadú go seasta ó bhí 2021 ann.

Is é cuspóir an tionscadail seo cur chun feidhme BTWC a neartú trí leanúint de chothú tiomnaithe acmhainneachta a chur ar fáil do na NCPanna agus trí níos mó malartaithe agus comhair a chruthú eatarthu ar an leibhéal réigiúnach agus idirnáisiúnta.

#### 3.2.2. Cur síos ar an nGníomhaíocht

Áirítear leis an ngníomhaíocht atá beartaithe cúrsa oiliúna amháin in aghaidh na bliana a sholáthar do NCPanna nuacheaptha BTWC. Reáchtálfar an cúrsa oiliúna ag na Náisiúin Aontaithe sa Ghinéiv i gcomhar le cruinniú oifigiúil BTWC.



PUBLIC

Tá sé beartaithe leis an ngníomhaíocht freisin leanúint de dheiseanna a chruthú le haghaidh idirphlé agus malartú faisnéise maidir le cur chun feidhme náisiúnta BTWC i measc NCPanna chomh maith le bearta maidir le forbairt muiníne agus trédhearcacht, lena n-áirítear dea-chleachtais a chomhroinnt, trí chruinniú domhanda amháin a eagrú ar a bhfreastalaíonn NCPanna uile BTWC. Tionólfar an cruinniú domhanda ag na Náisiúin Aontaithe sa Ghinéiv, i gcomhar le cruinniú oifigiúil BTWC más féidir.

Úsáidfear an cúrsa oiliúna bliantúil agus an cruinniú domhanda bliantúil de na NCPanna go léir freisin chun tacú leis an gclár idirsheisiúnach, toisc go gcuirfidh siad deiseanna luachmhara ar fáil do Chathaoirleach na Meithle chomh maith le Cairde an Chathaoirligh chun aghaidh a thabhairt ar ábhair shonracha atá á bplé, go háirithe maidir le forbairt muiníne agus trédhearcacht agus maidir le cur chun feidhme náisiúnta an Choinbhinsiúin. Tabharfar aird ar leith ar dhúshláin réigiúnacha cur chun feidhme a shainaithint, mar shampla na dúshláin sin atá os comhair na Stát is Páirtithe san Afraic, agus ar thoscaireachtaí ó na réigiúin sin a chumhachtú chun páirt níos gníomhaí a ghlacadh i gcruinnithe BTWC. Ligfidh an cúrsa oiliúna don Chathaoirleach agus do Chairde an Chathaoirligh aiseolas ó NCPanna, na cineálacha agus na dearcthaí atá molta acu a bhailiú agus ansin na léargais sin a chur ar ais i bplé na Meithle.

### 3.2.3. A bhFuiltear ag Súil Leis mar Thoradh ar an nGníomhaíocht

1. Mar thoradh dearfach ar an gcúrsa oiliúna sin, táthar ag súil, trí dheiseanna oiliúna tiomnaithe le haghaidh NCPanna nua a bheith ar fáil go leanúnach, go n-ainmneoidh níos mó Stát is Páirtithe NCPanna.
2. Táthar ag súil freisin, mar thoradh ar an oiliúint a chuirfear ar fáil, go leanfaidh méadú agus feabhas ar líon na dtuarascálacha i dtaobh na mBeart Forbatha Muiníne a chuirfear isteach gach bliain, rud a chuirfidh faisnéis bhreise ar fáil i ndáil le stádas chur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar leibhéal domhanda.
3. Ina theannta sin, táthar ag súil go n-éascóidh an ghníomhaíocht sin malartú faisnéise agus comhroinnt dea-chleachtas idir NCPanna chomh maith le bonn eolais a chur faoin bplé leanúnach sa Mheitheal.
4. Beidh aiseolas ó na NCPanna ina bhonn eolais don phlé a dhéanfar faoi chuimsiú Mheitheal BTWC maidir le hábhair ar nós cur chun feidhme náisiúnta, forbairt muiníne agus trédhearcachta.



PUBLIC

## 3.3. Gníomhaíocht 3 – Tacaíocht do na hullmhúcháin don Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin

### 3.3.1. Cuspóir na Gníomhaíochta

Ag tógáil ar Ghníomhaíochtaí 1 agus 2, dírítear leis an ngníomhaíocht seo ar Stáit is Páirtithe BTWC a shlógadh i dtreo rannpháirtíocht ghníomhach sa Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin in 2027 trí chúig cheardlann réigiúnacha a eagrú agus trí dheiseanna a thairiscint chun machnamh a dhéanamh ar phríomhábhair chlár idirsheisiúnach 2023-2026 agus iad a phlé d'fhonn réimsí comhthola a chothú.

### 3.3.2. Cur síos ar an nGníomhaíocht

Roimh an Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin agus bunaithe ar an taithí a fuarthas faoi Chinneadh (CBES) 2019/97 maidir leis na himeachtaí sin a eagrú, eagrófar cúig cheardlann réigiúnacha do Stáit is Páirtithe ón Afraic, ó Mheiriceá Laidineach agus ó Mhuir Chairib, ón Áise agus ón Aigéan Ciúin, ón Meánoirthear agus ón Afraic Thuaidh agus ón Eoraip agus ó Stáit eile an Iarthair. Tabharfaidh na ceardlanna sin deiseanna do na Stáit is Páirtithe agus do shealbhóirí oifige BTWC, lena n-áirítear Uachtarán an Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin, machnamh a dhéanamh ar phríomhábhair agus iad a phlé mar ullmhúchán don Chomhdháil Athbhreithniúcháin agus tacú le réimsí comhleasa agus comhthuisceana a aimsiú.

### 3.3.3. A bhFuiltear ag Súil Leis mar Thoradh ar an nGníomhaíocht

1. Meastar go mbeidh feasacht mhéadaithe ar BTWC agus ar an Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin in 2027 mar thoradh ar an ngníomhaíocht agus go mbeidh tábhacht léi maidir le héabhlóid BTWC amach anseo.
2. Éascóidh na ceardlanna réigiúnacha idirphlé cuimsitheach agus trasréigiúnach ar shaincheisteanna a bheidh le breithniú ag an Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin.

## 4. SAINCHEISTEANNA FOIRNE

Chun an Cinneadh sin ón gComhairle a chur chun feidhme, beidh foireann ag teastáil sa Ghinéiv chun cur chun feidhme comhordaithe agus cuíchóirithe na ngníomhaíochtaí uile faoin gCinneadh seo ón gComhairle a áirithiú. Moltar, dá bhrí sin, Oifigeach Gnóthaí Polaitiúla P3 agus Cúntóir Riaracháin GS4 a bheith lonnaithe i mBrainse UNODA sa Ghinéiv.

Cuirfear an Cinneadh ón gComhairle chun feidhme i ndlúthchomhar le Cinneadh (CBES) 2024/349 ón gComhairle agus le hAonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC agus faoi threoir agus freagracht fhoriomlán Cheann Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC.

PUBLIC

## 5. TUAIRISCIÚ

Cuirfidh UNODA/Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí faoi bhráid an Ardionadaí.

## 6. ACHAR AMA

Is é 36 mhí fad iomlán measta chur chun feidhme an tionscadail.

## 7. INFHEICTHEACHT AN AONTAIS

Déanfaidh UNODA/Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC gach beart iomchuí chun a phoibliú gurbh é an tAontas a chistigh na gníomhaíochtaí a rinneadh. Déanfar na bearta sin i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún agus leis an Lámhleabhar Infheictheachta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais Eorpaigh arna leagan síos agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach. Ar an gcaoi sin, áiritheoidh UNODA/Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC infheictheacht rannchuidiú an Aontais le brandáil agus le poiblíocht iomchuí, agus béim á leagan ar ról an Aontais, trédhearcacht a ghníomhaíochtaí á háirithiú, agus feasacht á múscailt ar na cúiseanna leis an gCinneadh seo maille le feasacht ar thacaíocht an Aontais don Chinneadh seo agus ar thorthaí na tacaíochta sin. Beidh bratach an Aontais le feiceáil ar ábhar a tháirgeann na tionscadail i gcomhréir le treoirlínte an Aontais maidir leis an mbratach a úsáid agus a atáirgeadh go cruinn.

## 8. TAIRBHITHE

Is iad oifigigh, eolaithe, acadóirí agus ionadaithe tionscail ó Stáit is Páirtithe agus breathnóirí BTWC tairbhithe Ghníomhaíocht 1 maidir le tacú le clár idirsheisiúnach BTWC trí chomhairliúcháin a éascú agus trí dhearcthaí eolaíocha ar ábhair atá á bplé a chomhtháthú.

Is Stáit is Páirtithe in BTWC iad tairbhithe Ghníomhaíocht 2 i ndáil le fothú acmhainneachta do Phointí Teagmhála Náisiúnta BTWC, go háirithe oifigigh atá ainmnithe mar phointí teagmhála náisiúnta.

Is ionadaithe ó Stáit is Páirtithe BTWC a bheidh ina dtairbhithe de Ghníomhaíocht 3 maidir le tacú leis na hullmhúcháin don Deichiú Comhdháil Athbhreithniúcháin.

PUBLIC